CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 89/23
Lucsamburg, 5 Meitheamh 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-204/21 | *An Coimisiún* v *An Pholainn (Neamhspleáchas agus Saol Príobháideach Breithiúna)*

# An Smacht Reachta: Sáraítear dlí an Aontais leis an athchóiriú ar chóras ceartais na Polainne ó mhí na Nollag 2019

*Tá an smacht reachta ina chuid d'fhéiniúlacht féin an Aontais mar dhlíchóras coiteann agus daingnítear é sna prionsabail lena mbaineann oibleagáidí atá ceangailteach ar na Ballstáit de réir dlí*

I ndiaidh don Pholainn, an 20 Nollaig 2019, dlí a ghlacadh lena leasaítear na rialacha náisiúnta maidir le heagrú na ngnáthchúirteanna, na gcúirteanna riaracháin agus na Cúirte Uachtaraí ("an Dlí Leasaitheach"), thionscain an Coimisiún imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, agus é ag iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais a dhearbhú gur sáraíodh roinnt forálacha de dhlí an Aontais leis an gcóras arna bhunú leis an dlí sin.

Measann an Coimisiún, a mhéid a thugtar dlínse leis an Dlí Leasaitheach chun rialú i gcásanna a bhfuil tionchar díreach acu ar stádas Breithiúna don dlísheomra araíonachta de Chúirt Uachtarach na Polainne, a bhfuil a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht inchurtha in amhras, go ndéantar difear leis an dlí sin dá neamhspleáchas. Ina theannta sin, dar leis an gCoimisiún, toirmeasctar leis an Dlí Leasaitheach ar aon chúirt náisiúnta comhlíonadh cheanglais an Aontais a fhíorú maidir le binse a bheith neamhspleách agus neamhchlaon agus bunaithe roimh ré le dlí agus déantar cion araíonachta d'fhíorúchán dá leithéid. Dearbhaítear go bhfuil dlínse eisiach ag an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus um Ghnóthaí Poiblí de Chúirt Uachtarach na Polainne chun a leithéid d'fhíorúchán a dhéanamh. Ag an deireadh ar fad, áitíonn an Coimisiún, tríd an oibleagáid a fhorchur ar bhreithiúna faisnéis a chur in iúl maidir lena ngníomhaíochtaí i gcomhlachais nó i bhfondúireachtaí chomh maith le ballraíocht i bpáirtí polaitiúil a bhí acu roimhe seo, agus trína fhoráil don fhaisnéis sin a fhoilsiú, go sáraítear leis an Dlí Leasaitheach an ceart go ndéanfar an saol príobháideach a urramú agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. [1]

Le linn na n-imeachtaí, ordaíodh don Pholainn, trí ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 27 Deireadh Fómhair 2021, íocaíocht phionósach EUR 1 000 000 a dhéanamh leis an gCoimisiún in aghaidh an lae. [2] Measadh go raibh gá leis an íocaíocht phionósach sin a ordú le ráthú go gcuirfeadh an Pholainn i bhfeidhm na bearta sealadacha arna nglacadh in ordú an 14 Iúil 2021, [3] arbh é is aidhm leo, *inter alia*, ná forfheidhmiú fhorálacha an Dlí Leasaithigh a chur ar fionraí, ar forálacha iad a chuir an Coimisiún faoi chonspóid. Trí ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 21 Aibreán 2023, rinneadh suim na híocaíochta a laghdú go EUR 500 000 in aghaidh an lae. [4] Tháinig deireadh le héifeachtaí na n-orduithe sin leis an mbreithiúnas inniu, lena gcuirtear clabhsúr leis an gcás. Ní dhéantar difear leis

[1] Le tuilleadh eolais a fháil faoi na himeachtaí i gceist agus faoi na gearáin de chuid an Choimisiúin, tá teacht ar na Preaseisiúintí Uimh. 127/21, Uimh. 180/21 agus Uimh. 192/21.

[2] Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 27 Deireadh Fómhair 2021, i gCás C-204/21 R (Féach Preaseisiúint Uimh. 192/21 chomh maith).

[3] Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 14 Iúil 2021, i gCás C-204/21 R (Féach Preaseisiúint Uimh. 127/21 chomh maith).

[4] Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 21 Aibreán 2023, i gCás C-204/21 R-RAP. (Féach Preaseisiúint Uimh. 65/23 chomh maith).

seo, áfach, don oibleagáid atá ar an bPolainn na híocaíochtaí a dhéanamh a bhí dlite roimhe seo.

Ina breithiúnas inniu, **ceadaíonn an Chúirt Bhreithiúnais caingean an Choimisiúin**.

Ar an gcéad dul síos, deimhníonn an Chúirt go **dtagann sé go hiomlán faoina dlínse athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlionadh luachanna agus prionsabal amhail an smacht reachta, an chosaint dlí éifeachtach agus neamhspleáchas na mbreithiúna**. Go deimhin, agus a n-inniúlacht á feidhmiú acu maidir le heagrú an cheartais, ní mór do na Ballstáit na hoibleagáidí a eascraíonn ó dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Ceanglaítear orthu chomh maith a **áirithiú nach dtéann** a reachtaíocht maidir le heagrú an cheartais **in olcas**, i bhfianaise an smachta reachta, mar luach, trí staonadh ó rialacha lena ndéanfaí difear do neamhspleáchas na mbreithiúna a ghlacadh. (62, 63, 74) Daingnítear an bunluach sin, atá mar chuid d'fhéiniúlacht féin an Aontais, le hoibleagáidí atá ceangailteach de réir dlí, ar oibleagáidí iad **nach féidir le Ballstáit neamhaird a dhéanamh orthu trí bhrath ar fhorálacha intíre nó ar chásdlí intíre, lena n-áirítear forálacha bunreachtúla agus cásdlí bunreachtúil**.

Ar an dara dul síos, agus í ag brath ar a cásdlí roimhe seo, [5] chuir an Chúirt in iúl arís nach gcomhlíonann an dlísheomra **araíonachta** den Chúirt Uachtarach an ceanglas riachtanach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht. Cinneann sí go **bhféadfaí difear a dhéanamh dá neamhspleáchas toisc, agus dá thoisc sin amháin, gur féidir le breithiúna, a dtugtar orthu dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, a bheith i mbaol go bhféadfadh a leithéid de chomhlacht rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann lena stádas agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna**, go háirithe trí imeachtaí coiriúla a údarú ina gcoinne nó iad a ghabháil nó trí chinntí a ghlacadh maidir le gnéithe bunúsacha de na rialacha faoi dhlí an tsaothair, na slándála sóisialta nó cur ar scor is infheidhme maidir leo. (101)

Ar an tríú dul síos, measann an Chúirt, ós rud é go bhfuil na forálacha den Dlí Leasaitheach arna gcáineadh ag an gCoimisiún sách leathan agus neamhbheacht agus i bhfianaise an chomhthéacs ar leith inar glacadh na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, go bhfuil siad in oiriúint do léiriú amhail go gceadófaí go n-úsáidfí an córas araíonachta is infheidhme maidir le breithiúna agus, na pionóis atá mar chuid den chóras sin, chun **cosc a chur ar na cúirteanna náisiúnta measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann cúirt nó breitheamh na ceanglais a bhaineann le cosaint dlí éifeachtach faoi dhlí an Aontais, trí tharchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, i gcás inarb iomchuí**. (152, 154). **Ní luíonn** na bearta arna nglacadh mar sin ag reachtas na Polainne **leis na ráthaíochtaí maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách, neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí**. **Go deimhin, tá sé mar thoradh ar na ráthaíochtaí sin, in imthosca áirithe, go gceanglaítear ar na cúirteanna náisiúnta a fhíorú an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad féin nó na breithiúna a bhfuil siad comhdhéanta díobh nó breithiúna nó cúirteanna eile na ceanglais dá bhforáiltear le dlí an Aontais.** (201)

Ar an gceathrú dul síos, **sáraítear dlí an Aontais tríd an dlínse a thabhairt, tríd an Dlí Leasaitheach, d'aon údarás náisiúnta amháin** (eadhon **an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus um Ghnóthaí Poiblí** den Chúirt Uachtarach) **chun comhlíonadh ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le cosaint dlí éifeachtach a fhíorú. Go deimhin, ní mór a ráthú** go gcomhlíontar na ceanglais seo **i ngach raon feidhme ábhartha de dhlí an Aontais agus os comhair na gcúirteanna náisiúnta go léir a bhfuil cásanna á bplé acu a thagann faoi na raonta sin** (268). **Is dual don athbhreithniú monaplach a bhunaítear leis an Dlí Leasaitheach, in éineacht le tabhairt isteach na dtoirmeasc agus na gcionta araíonachta thuasluaite cur níos mó fós le lagú an chirt bhunúsaigh chun cosanta dlí éifeachtaí a chumhdaítear le dlí an Aontais**. (286)

Ar deireadh, dar leis an gCúirt, sáraítear cearta bunúsacha na mbreithiúna sin go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus go ndéanfar an saol príobháideach a urramú le forálacha náisiúnta lena gceanglaítear ar bhreithiúna dearbhú i scríbhinn a thabhairt lena dtugtar le fios aon bhallraíocht i gcomhlachas, i bhfondúireacht neamhbhrabúis nó i bpáirtí polaitíochta agus le foráil don fhaisnéis sin a chur ar líne. Níl cur ar líne sonraí maidir le ballraíocht i bpáirtí polaitíochta roimhe seo **iomchuí**, sa chás seo, **chun an cuspóir líomhainte a bhaint amach**, arb é atá ann

---

[5] Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas Araíonachta do Bhreithiúna)*, C-791/19 (féach Preaseisiúint Uimh. 130/21 chomh maith).

ná neamhchlaontacht na mbreithiúna a neartú. Ó thaobh sonraí maidir le ballraíocht breithiúna i gcomhlachais nó i bhfondúireachtaí neamhbhrabúis de, d'fhéadfaí creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta na ndaoine lena mbaineann a nochtadh leis na sonraí sin. D'fhéadfaí trí chur ar líne na sonraí sin **cead saor-rochtana orthu a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh eolas a fháil faoi staid phearsanta an bhreithimh lena mbaineann, ar chúiseanna nach mbaineann leis an gcuspóir líomhainte maidir leis an leas ginearálta**. Thairis sin, i bhfianaise comhthéacs ar leith na mbearta ar tugadh isteach leis an Dlí Leasaitheach, **d'fhéadfaí**, lena leithéid de chur ar líne, **na breithiúna lena mbaineann a chur i mbaol a n-aithisithe go míchuí, trí dhifear a dhéanamh gan údar don dearcadh atá ag daoine aonair agus ag an bpobal i gcoitinne orthu.** (376, 377)

**NÓTA:** Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann déanamh de réir an bhreithiúnais a luaithe is féidir.
I gcás ina measann an Coimisiún nach ndearna an Ballstát de réir an bhreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg pionóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena dtrasuitear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais pionóis a ghearradh, ar thogra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.
Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.
Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355
Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

**Fanaigí i dteagmháil linn!**